 GA

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil, 4.12.2008
SEC(2008) 2951

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN

***Doiciméad a ghabhann leis an***

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú**

## ***ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ IARMHARTA***

{COIM(2008) 816 leagan deireanach}
{SEC(2008) 2950}

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN**

**maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú**

## 1. SAINCHEISTEANNA NÓS IMEACHTA AGUS COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

### Eagraíocht

Rinneadh an measúnú iarmharta d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar an staid maidir le cearta paisinéirí a chosaint san earnáil mhuirí agus an riachtanas reachtaíocht a bhunú ag deonú cearta ginearálta ar phaisinéirí. Díríonn sé ar na príomhréimsí imní ar tharraing an Coimisiún aird orthu ina dhoiciméid beartais, eadhon: cearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; cáilíocht na seirbhíse; cúnamh agus cúiteamh do phaisinéirí nuair a chuirtear isteach ar thaisteal i gcás moille nó cealú; an ceart chun faisnéise; agus saincheisteanna neamh-idirdhealaithe.

### Comhairliúchán agus saineolas

In 2005-2006, choimisiúnaigh DG TREN staidéar neamhspleách a rinne iniúchadh ar an leibhéal reatha cosanta do chearta paisinéirí in earnáil iompair mhuirí an AE a raibh briseadh seirbhíse ag cur isteach orthu. Sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí in 2006 chomh maith. Ba é conclúid an dá ghníomh seo gur chóir go mbeadh íosleibhéal cosanta coiteann ann do chearta paisinéirí ar fud an AE, is cuma cén modh iompair nó cibé an ndéantar an turas iomlán laistigh de Bhallstát amháin nó go dtéann sé thar theorainn inmheánach nó sheachtrach.

## 2. SAINIÚ NA FAIDHBE

### Na fadhbanna a bhíonn ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe mar phaisinéirí

Féachann roinnt mhaith (79%) de na saoránaigh atá ina gcónaí san Aontas Eorpach ar mhíchumas mar mhíbhuntáiste. Tá comhdhearcadh soiléir ar fud na mBallstát (91%) gur cheart níos mó a dhéanamh, agus gur chóir níos mó airgid a chaitheamh, chun inrochtaine a fheabhsú. I gcás seirbhísí iompair, ní féidir cearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a theorannú d'inrochtaine modhanna iompair, mar cuimsíonn siad neamh-idirdhealú, cúnamh leanúnach feadh an turais agus faisnéis.

### Fadhbanna na hearnála muirí do phaisinéirí an AE

Déanann cosaint éifeachtúil ar chearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir nó ar uiscebhealach intíre don earnáil mhuirí ina hiomláine: i.e. trácht náisiúnta, trácht laistigh den Chomhphobal, trácht idirnáisiúnta agus trácht long turais mhara.

Nuair a osclaíodh suas an margadh níor baineadh amach an éifeacht a bhíothas ag súil leis maidir le cáilíocht na gcaighdeán agus na seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear cearta níos fearr

do phaisinéirí agus modhanna chun díospóidí a réiteach atá áisiúil don úsáideoir. Ní mór do phaisinéirí, a bhfuil orthu déileáil le spriocdhátaí éagsúla agus nósanna imeachta éagsúla, ag brath ar an gcuideachta, a bheith in ann leas a bhaint as nósanna imeachta coiteanna iad féin chun a míshástacht a chur in iúl, nuair is gá. Fágann an easpa nósanna imeachta coiteanna paisinéirí ar leithlis agus cuireann sé cosc orthu a míshástacht a chur in iúl nuair a theastaíonn uathu a leithéid a dhéanamh.

**Gnéithe bunúsacha na faidhbe**

– Tá easpa aonfhoirmeachta ann maidir le méid agus leibhéal na cosanta do chearta paisinéirí.

– Níl aon chreat coiteann ann maidir le réitigh láithreacha agus réamhshainithe i gcás cealuithe nó moilleanna.

– Níl go leor faisnéise ag paisinéirí i gcoitinne agus go háirithe paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i gcás teagmhas tromchúiseach.

– Tá féidearthacht ann maidir le hidirdhealú i gcoinne daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chomh maith le heaspa áiseanna tiomnaithe in iompar muirí.

**Cé hiad na daoine a dtéann sé i gcion orthu agus conas a tharlaíonn sé?**

Tá an líon paisinéirí a bhaineann úsáid as iompar muirí ag dul i méid toisc gur osclaíodh na margaí iompair mhuirí, agus mar thoradh air seo tá raon níos leithne de chinn scríbe turasóireachta á dtairiscint, ag praghsanna níos ísle ná riamh. In 2006, measadh go raibh líon iomlán bliantúil na bpaisinéirí muirí do na tíortha a breithníodh cothrom le 199 milliún, agus as sin bhí beagnach 60% i dtrácht náisiúnta, 35% i dtrácht laistigh den Chomhphobal agus bhí an chuid eile roinnte idir thaisteal idirnáisiúnta agus turais mhara. Ba é 136.2 milliún duine líon iomlán na ndaoine a a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe san AE-27 in 2005[1].

**An bhfuil sé de cheart ag an AE beart a dhéanamh?**

Tá cosaint paisinéirí, agus go háirithe cosaint na ngrúpaí paisinéirí is soghonta, mar chuid den mhargadh inmheánach agus de chomhbheartais iompair an Aontais Eorpaigh. Meastar go bhfuil an margadh aonair bunaithe nuair is féidir le tomhaltóirí agus cuideachtaí na tairbhí is mó a bhaint as. Tá an comh-mhargadh in iompar muirí bainte amach anois, agus mar sin caithfear cosaint ceart paisinéirí muirí laistigh den chomh-mhargadh Eorpach seo a chur ar bun dá réir. Tá an ghné Eorpach seo aitheanta cheana féin agus beart déanta ina leith ag an rialtóir Eorpach ar leibhéal an Chomhphobail sna hearnálacha aeriompair agus iompair iarnróid araon[2]. Ina theannta sin, tá togra le haghaidh Rialacháin maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar bhus agus ar chóiste faoi chomhairliúchán idir-seirbhíse faoi láthair.

Tá comhshraith prionsabal ag teastáil, do phaisinéirí agus don tionscal, a rialóidh dliteanas i gcás na modhanna iompair go léir: dliteanas i gcás tionóiscí; faisnéis agus cosaint cáilíochta

[1] Anailís PwC ar shonraí ó Eurostat agus ó One-Stop-Shop for Accessible Tourism in Europe (OSSATE): 'Anailís ar inrochtaine an mhargaidh agus na bpháirtithe leasmhara' (*Accessibility Market and Stakeholder Analysis*).

[2] Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, IO L 46, agus (CE) Uimh. 1107/2006, IO L 204, maidir le haeriompar; maidir le hiompar d'iarnród, féach Rialachán 1371/2007.

do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; cúnamh agus cúiteamh i gcás moille nó cealú.

## 3. Cuspóirí

Tá cuspóirí ginearálta an AE i dtaobh leibhéal ard cosanta custaiméirí, comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch níos fearr, cuimsiú sóisialta grúpaí sóisialta difriúla agus gluaiseacht daoine laistigh den Aontas Eorpach a áirithiú, mar bhonn agus mar thaca ag na cuspóirí ginearálta lena mbunaítear cearta paisinéirí.

## 4. Roghanna

**"Gnó mar is gnách" (Rogha 1)**

Gan beart ar bith a dhéanamh ar leibhéal an AE, agus coimeádtar an staid mar atá sé, lena dlíthe éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Beart reachtach Comhphobail chun cearta daoine a fheabhsú agus iad ag taisteal ar bhád (Rogha 2)**

Rogha eile a d'fhéadfaí a bheartú ná beart rialála ar leibhéal an AE, mar go bhfuil sé ceangailteach agus infheidhme láithreach. Ní hamháin go mbeadh feidhm leis an Rialachán seo i gcás bealaí idirnáisiúnta ina bhfuil calafort AE amháin ar a laghad, ach bheadh feidhm leis freisin maidir le seirbhís intíre ar bith laistigh de Bhallstát aonair. Dhéanfadh gníomh AE den sórt seo:

- Cearta a bhunú maidir le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe: inrochtaine i gcalafoirt, cúnamh i gcalafoirt agus ar bord long, agus ceanglais faisnéise

- Cearta a bhunú do phaisinéirí nuair a chuirtear isteach ar thaisteal i gcás cealú nó moilleanna

- Caighdeáin a bhunú chun faisnéis a sholáthar ar chearta paisinéirí muirí don phobal i gcoitinne agus go háirithe do thaistealaithe, lena n-áirítear daoine a bhful a soghluaisteacht laghdaithe

- Foráil chun déileáil le gearáin agus chun monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chearta paisinéirí.

**Comhordú AE agus malartú na gcleachtas is fearr chun feabhas a chur ar an reachtaíocht náisiúnta (Rogha 3)**

Sa chás seo, tá an rialachán AE teoranta do chomhchreat de dhlíthe nach bhfuil chomh ceangailteach céanna agus an dlí traidisiúnta (*soft law*) a chur chun cinn do na Ballstáit. Bheadh an creat dlí seo bunaithe ar na cleachtais is fearr agus sholáthródh sé tagarmharc do dhlíthe náisiúnta chun cearta paisinéirí a chur i bhfeidhm agus iad ag taisteal ar muir nó ar uiscebhealaí intíre.

**Comhaontuithe deonacha (Rogha 4)**

Tá an éifeachtacht ag comhaontuithe deonacha in iompar paisinéirí conspóideach: deimhníonn na dearcthaí láidre arna léiriú ag eagraíochtaí tomhaltóirí gur theip ar an bhfíorbheagán cóid iompair a forbraíodh go dtí seo. Is cosúil go ndeimhníonn an taithí go dtí seo i rialú na hearnála aeriompair nár éirigh le mórán comhaontuithe den chineál seo.

## 5. ANAILÍS AR AN IARMHAIRT EACNAMAÍOCH

**Rogha 1: Gnó mar is gnách**

Ní ghearrtar aon chostais bhreise ar oibreoirí, ar chalafoirt, ar lucht riaracháin ná ar údaráis áitiúla faoin rogha beartais seo. D'fhéadfadh cailliúint a bheith i gceist dóibh faoi dheoidh, áfach, mar ní thiocfadh aon trácht breise ina dtreo. Gan bearta i bhfabhar paisinéirí atá ag taisteal ar bhád, ní cosúil go méadóidh líon na bpaisinéirí.

Iarmhairt eile ar oibreoirí, ar chalafoirt, ar lucht riaracháin agus ar údaráis áitiúla san AE agus lasmuigh den AE ná an costas toisc éagsúlachtaí a bheith ann idir dlíthe náisiúnta.

**Rogha 2: Idirghabháil reachtach Comhphobail**

(1) Costas na mbeart maidir le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

Is féidir leibhéal inrochtaine inghlactha a bhaint amach i gcalafoirt ag íoschostas d'oibreoirí aon uair a chuirtear teirminéal faoi réir athchóiriú ollmhór, nó nuair a thógtar as an nua é.

Maidir le costas an chúnaimh i gcalafoirt, is é an t-aon chostas ar ghá d'oibreoirí loinge íoc as ná cúrsaí oiliúna. Tá sé de dhualgas ar iompróirí cúrsaí oiliúna a chur ar fáil dá bpearsanra cheana féin maidir le "cúnamh ar longa". Meastar gurb é €2.9m an costas bliantúil as oiliúint a chur ar fhostaithe na hoifige tosaigh. Mar sin féin, ar mhaithe le feasacht a ardú, d'fhéadfadh go mbeadh ar phearsanra na cúl-oifige freastal ar na cúrsaí oiliúna seo chomh maith. Sa chás áirithe seo, ríomhadh an costas breise ag thart ar €1m.

D'fhéadfaí féachaint ar oibleagáidí faisnéise mar mhionchostas, mar is féidir an mhír seo a chur isteach mar chuid d'fhaisnéis eile atá táirgthe / scaipthe ag oibreoirí cheana féin.

(2) Costas na mbeart nuair a chuirtear isteach ar thaisteal i gcás moille nó cealú

Ní cosúil go mbeidh costais mhóra i gceist leis na bearta atá dírithe ar scéimeanna cúitimh a shainmhíniú agus ar fhaisnéis a sholáthar i dtreo agus go mbeadh paisinéirí feasach ar a gcearta, ach tá sé deacair a leithéid a thuar áfach. Mar sin féin, is cosúil nach mbeidh aon éifeacht shuntasach ar ioncam agus ar bhrabúis; go háirithe níor chóir go mbeadh ach iarmhairt bheag ar iomaíochas chuideachtaí an Chomhphobail, mar bheadh na hoibreoirí go léir atá bainteach leis an earnáil clúdaithe.

(3) Costais a thagann ó na hoibleagáidí chun faisnéis a sholáthar

Ní cosúil go mbeidh costais bhreise ar leith i gceist d'oibreoirí mar thoradh ar an oibleagáid chun faisnéis a sholáthar.

(4) Costas na seirbhíse chun déileáil le gearáin agus monatóireacht

Ní mheastar go mbeidh aon ualaí eacnamaíocha bhreise ar oibreoirí de thoradh an phróisis chun déileáil le díospóidí a réiteach.

(5) Iarmhairt ar phaisinéirí muirí

D'fhéadfadh laghdú teacht ar chorrlaigh oibríochta oibreoirí long nó méadú teacht ar tháillí paisinéirí mar thoradh ar na costais mhéadaithe. Bhraithfeadh iarmhairt ar bith ar tháillí ticéad ar na costais bhreise a bheadh i ndán d'oibreoirí long.

(6) Iarmhairt ar an tionscal turasóireachta

Is cosúil go mbeadh iarmhairt thairbhiúil ag na bearta atá beartaithe ar staid iomaíoch ghnóthaí an AE.

**Rogha 3: Comhordú AE agus malartú na gcleachtas is fearr chun feabhas a chur ar an reachtaíocht náisiúnta**

Braithfidh na tairbhí agus na costais a thiocfaidh as na bearta atá beartaithe ar an méid a bheidh Ballstáit an AE tiomnaithe rialacha náisiúnta a ghlacadh, agus iad a fhorfheidhmiú. Táthar ag súil go mbeidh iarmhairt dhearfach ar an tionscal turasóireachta áit a bhfuil bearta náisiúnta i gceist. Beidh an t-ioncam breise ionchais ó thurasóireacht níos ísle áfach ná mar a bheadh faoi rogha 2, toisc nach mbeadh seirbhísí inrochtana go hiomlán ach sna Ballstáit a chloífeadh go hiomlán le moltaí an AE.

**Rogha 4: Comhaontuithe deonacha**

Tá na cineálacha costais mar an gcéanna leis na cinn do na roghanna roimhe seo. Meastar go mbeadh na costais iomlána níos ísle áfach ná mar a bheadh do na roghanna eile, toisc nach mbeadh ach ar líon teoranta oibreoirí costais bhreise a íoc ar bhonn deonach.

## 6. ANAILÍS AR AN IARMHAIRT SHÓISIALTA

**Rogha 1: Gnó mar is gnách**

D'athródh muinín na bpaisinéirí i modhanna iompair eile, bunaithe ar chearta arna bhfaomhadh ar leibhéal an Chomhphobail cheana féin, go drochiontaibh má dhiúltaíonn iompar muirí an t-íosleibhéal aonfhoirmeachta, soiléire agus éifeachtúlachta seo a sholáthar do phaisinéirí maidir lena gcearta. D'fhéadfadh caillteanais post agus easpa lánpháirtithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas tarlú mar thoradh ar iarmhairtí sóisialta diúltacha.

**Rogha 2: Beart reachtach Comhphobail**

Bainfidh paisinéirí a bheidh ag taisteal ar muir nó ar uiscebhealaí intíre tairbhe as caighdeán seirbhíse feabhsaithe. Beidh cúnamh ar fáil dóibh chomh maith má tharlaíonn aon mhíchaoithiúlacht le linn an turais.

Maidir le fostaíocht bhreise i gcalafoirt, d'fhéadfadh níos mó foirne a bheith ag teastáil i gcalafoirt agus i gcríochfoirt paisinéirí má bhíonn líon níos mó paisinéirí ag taisteal ar longa. Is ionann an líon ionchais fostaithe breise a fhostófar i gcalafoirt agus 176 400 agus sin

sampla coimeádach. D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith san fhostaíocht bhreise san earnáil turasóireachta ó bheagnach 12 000 go breis agus 24 000 fostaí ar choibhéis lánaimseartha.

**Rogha 3: Comhordú AE agus malartú na gcleachtas is fearr chun feabhas a chur ar an reachtaíocht náisiúnta**

Faoin rogha seo, braithfidh na tairbhí agus na costais ionchais ar leibhéal tiomantais Bhallstáit an AE ó thaobh na rialacha nua a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú.

**Rogha 4: Comhaontuithe deonacha**

Braithfidh na tairbhí agus na costais ionchais ar leibhéal tiomantais na n-oibreoirí ó thaobh cearta paisinéirí a ghlacadh, glacadh leo má ghlactar iad le chéile, agus iad a urramú i gcleachtas pé scéal é.

## 7. IARMHAIRT AR AN gCOMHSHAOL

**Rogha 1: Gnó mar is gnách**

Má theipeann ar iompar muirí ionchais na bpaisinéirí a chomhlíonadh is cosúil go gcuirfidh na paisinéirí a míshástacht in iúl trí mhodh iompair eile a roghnú áit a bhfuil a leithéid ar fáil. Tagann ocht n-uaire níos lú truaillithe ó lastas a iompar ar long ná mar a thagann ó aeriompar, an t-aon rogha ar féidir glacadh leis mar rogha mhalartach. Is fiú costas comhshaoil na rogha 'gan beart a dhéanamh' a bhreithniú dá bhrí sin.

**Rogha 2: Idirghabháil reachtach Comhphobail**

Mhéadódh an t-éileamh ar iompar muirí dá mbeadh caighdeán na seirbhísí do phaisinéirí i bhfad níos fearr. Dá méadódh líon na bpaisinéirí, ba iad na príomhiarmhairtí ná go méadófaí fachtóirí ualaigh ar an meán agus go mbeifí in ann an cabhlach Eorpach reatha a bhainistiú níos fearr. Dá méadódh líon na seirbhísí iompair muirí, áfach, bheadh iarmhairt dhearfach imeallach aige sin ar an gcomhshaol, mar bheadh an chuid is mó de na paisinéirí nua ag teacht ó mhodhanna iompair eile (a dhéanann níos mó truaillithe).

**Rogha 3: Comhordú AE agus malartú na gcleachtas is fearr chun feabhas a chur ar an reachtaíocht náisiúnta**

Níltear ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an tseirbhís i dtíortha nár ghlac na bearta atá beartaithe ag an AE. Is dóigh go gcuirfidh na paisinéirí a míshástacht in iúl trí mhodhanna iompair eile a roghnú a dhéanann níos mó truaillithe ná iompar muirí.

**Rogha 4: Comhaontuithe deonacha**

Níltear ag súil go dtiocfaidh feabhas ar sheirbhísí muirí. Bheadh an toradh cosúil le Rogha 3 thuas.

## 8. COSTAS RIARACHÁIN

Bheadh an t-eintiteas a bheadh freagrach as forfheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar na rialacha atá beartaithe agus as déileáil le gearáin an-chosúil i dtaobh raon feidhme a chuid gníomhaíochta, a chuid cúraimí agus a struchtúir leis an gceann arna ainmniú ag gach Ballstát

d'fhorfheidhmiú an "Rialacháin maidir le Cearta agus Oibleagáidí Paisinéirí Iarnróid Idirnáisiúnta"[3] nó an "Rialacháin maidir le Cearta Paisinéirí Aeir".[4] Tá an taithí atá faighte in aeriompar cheana féin fíor-luachmhar sa chás seo mar sin. Bheadh an costas intuartha iomlán ag €568 000 i gcás an AE.

## 9. COMPARÁID IDIR NA ROGHANNA

Is iad conclúidí an staidéir mheasúnaithe iarmharta ná, as na ceithre rogha a pléadh, gurb é beart reachtach an AE an rogha atá in ann na cuspóirí go léir a bhaint amach.

Ag tabhairt breithiúnais ar an sampla de mhodhanna iompair eile, tá sé soiléir nach féidir feabhas suntasach a bhaint amach i gcosaint paisinéirí ach ar leibhéal an AE amháin. Cé gur léir an tairbhe atá ann do phaisinéirí, tugann comhchuibhiú na gceart bunúsach buntáiste suntasach don tionscal iompair freisin a fheidhmíonn i margadh aonair. De ghnáth gineann rialacha náisiúnta arna ndéanamh ina bpíosaí agus arna gcumhdach i ngiotaí reachtaíochta agus conarthaí dínasctha costais oiriúnaithe agus cuireann siad srian ar sholúbthacht gheografach oibreoirí chun leas a bhaint as foirne agus modhanna iompair.

[3] COIM (2004) 143 leagan deireanach

[4] Rialachán (CE) 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás bordáil a bheith diúltaithe agus i gcás cealú eitiltí nó moill fhada ar eitiltí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91.